

Plean Straitéiseach Met Éireann 2017-2027

Dáta 14 Samhain 2017

Ag Ullmhú Éireann don Aimsir agus don Aeráid

Ag cabhrú le sochaí na hÉireann a bheith ullamh le haghaidh rioscaí maidir leis an aimsir agus an aeráid, agus a bheith in ann freagairt dóibh

MISEAN

Chun aimsir agus aeráid Éireann a mhonatórú, a anailísiú agus a thuar, agus chun réimse faisnéise meitéareolaíochta agus eolais ábhartha ardchaighdeán a chur ar fáil.

FÍS

Ag Ullmhú Éireann don Aimsir agus don Aeráid

SPRIOCANNA

- SPRIOC 1: Tacú níos fearr i gcás teagmhais aimsire le cinnteoireacht atá bunaithe ar thionchar
- SPRIOC 2: Seirbhísí faisnéise aeráide a sholáthar a chuirfidh sábháilteacht an phobail chun cinn agus a thacóidh le teacht aniar geilleagrach agus comhshaoil
- SPRIOC 3: Seirbhís náisiúnta tuair tuilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil
- SPRIOC 4: Leanúint de ghlór éifeachtach údarásach a sholáthar maidir le meitéareolaíocht in Éirinn
- SPRIOC 5: Sainfhórsa oibre proifisiúnta a chothabháil, agus tacú leis
- SPRIOC 6: Bheith mar cheannaire ar bhonneagar meitéareolaíochta comhaimseartha comhtháite agus tacú le timpeallacht fiontraíochta le haghaidh seirbhísí aimsire agus aeráide

CLÁR NA NÁBHAR

CLÁR NA NÁBHAR	2
RÉAMHRÁ	3
FOCAL ÓN STIÚRTHÓIR	4
RÉAMHRÁ	5
Fís 'Ullmhaithe don Aimsir agus don Aeráid'	6
SPRIOC 1: Tacú níos fearr i gcás teagmhais aimsire le cinnteoireacht atá bunaithe ar thionchar	7
SPRIOC 2: Seirbhísí faisnéise aeráide a sholáthar a chuirfidh sábháilteacht an phobail chun cinn agus a thacóidh le teacht aniar geilleagrach agus comhshaoil.....	9
SPRIOC 3: Seirbhís náisiúnta tuair tuilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil	11
SPRIOC 4: Leanúint de ghlór éifeachtach údarásach a sholáthar maidir le meitéareolaíocht in Éirinn.....	13
SPRIOC 5: Sainfhórsa oibre proifisiúnta a chothabháil, agus tacú leis.....	16
SPRIOC 6: Bheith mar cheannaire ar bhonneagar meitéareolaíochta comhaimseartha comhtháite agus tacú le timpeallacht fiontraíochta le haghaidh seirbhísí aimsire agus aeráide.....	19
AN TODHCHAÍ	22
COMHOIBRIÚ AGUS COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ	23
CUR I BHFEIDHM.....	24
MEASÚNÚ FEIDHMÍOCHTA	25
GLUAIS TÉARMAÍ	26

RÉAMHRÁ

Is mór agam fáilte a chur roimh Phlean Straitéiseach 2017-2027 Met Éireann. Tá Met Éireann ina cheann de chrainn taca an Stáit Éireannaigh chomhaimseartha ó bhí 1936 ann. Ag an am sin, ba iad a bhreathnóreachtaí agus réamhaisnéisí eitlíochta a d'éascaigh forbairt aerlíne náisiúnta Éireann agus ár nascacht idirnáisiúnta dá bharr sin. Ó bunaíodh é, tá Met Éireann tar éis a bheith ag obair i gcomhar lenár gcraoltóir náisiúnta freisin, chun faisnéis rithábachtach a sholáthar dár saoránaigh faoi staid na haimsire ionas go gcosnófaí sábháilteacht daoine agus maoine. I gcaitheamh na mblianta, tá foireann réamhaisnéiseoirí Met Éireann tar éis caidreamh láidir leanúnach a fhorbairt le muintir na hÉireann agus tá muinín ar leith acu ann mar ghlór údarásach na tíre i ndáil leis an aimsir. Le linn teagmhais aimsire dhona, tá ról lárnach ag Met Éireann maidir le Tascfhórsa an Rialtais um Phleanáil Éigeandála a threorú, agus oibríonn sé go dlúth le rannáin eile de chuid na Ranna, go háirithe an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bhainistiú Dóiteáin agus Eigeandálaí.

Bíonn Met Éireann i gcónaí ag dréim lena sheirbhís do mhuintir na hÉireann a fheabhsú, agus tá aird tugtha dó seo mar fhócas lárnach ó bhí Met Éireann ina chuid den Roinn s'agamsa in 2002. Sa Straitéis seo leagtar amach fíis shoiléir agus pleananna uailmhianacha oibre don leathscór bliain atá romhainn amach lena chinntiú go gcaomhnaíonn Met Éireann a shaineolas, agus go gcuireann sé leis de réir mar a leanann sé air ag tacú le cinnteoireacht a bhaineann leis an aimsir agus ag freastal ar dhúshláin an Athraithe Aeráide agus a thionchar, atá ag méadú de shíor. Is Straitéis thar a bheith spriocdhírthe í, agus bhí baill foirne Met Éireann agus páirtithe leasmhara seachtracha ar leith rannpháirteach go mór ó thaobh í a thabhairt chun críche de.

Is é fórsa oibre tiomanta proifisiúnta Met Éireann an bua is mó atá aige, agus leanfar den bhéim ar bharr feabhais an fhórsa oibre a chaomhnú, a fhorbairt agus a chur chun cinn sna blianta atá romhainn amach. Leanfar freisin d'fhorbairt bonneagair meitéareolaíochta timpeall na tíre, agus cinnteoidh seo go bhfaighidh muintir na hÉireann ardchaighdeán faisnéise faoi staid na haimsire, a oiread agus is féidir. Cuirfear béim faoi leith ar oideachas a sholáthar don phobal maidir le teagmhais aimsire agus a dtionchar, ionas go mbeidh daoine in ann bearta cuí a chur i bhfeidhm go tráthúil chun a mbeatha agus a maoin a chosaint.

Sna deich mbliana atá amach romhainn, beidh Met Éireann ag tabhairt faoi réimse éagsúil tionscadal dúshlánach nua. An ceann is tábhachtaí orthu seo ná Ionad Tuair Tuilte a bhunú i gcomhar leis an OPW chun cabhrú leis an bpobal agus leis na seirbhísí éigeandála, ullmhúcháin a chur i bhfeidhm le haghaidh mórtheagmhais tuile. Is tréimhse spreagúil athraithe a bheidh ann dár Seirbhís Náisiúnta Meitéareolaíochta, agus i dteannta le gach duine sa Roinn, ba mhian liom gach rath a ghuí ar Met Éireann agus é ar tí tabhairt faoin aistear seo.

Eoghan Murphy, TD

Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil



FOCAL ÓN STIÚRTHÓIR

Is cuid chomh mór sin an aimsir dár saol laethúil go nglacaimid leis go mbeidh rochtain éasca againn ar fhaisnéis faoin aimsir ar nós gur ghnáth-áis den saol chomhaimseartha é – is cuma an stoirm ná tuile é atá ina bagairt don bheatha agus do mhaoín, nó ceo ná oighear a chuireann isteach ar iompar bóithre nó aerthrácht, nó díreach mionfhadhb de bharr ceathanna samhraidh. Tá an aeráid ag síorathrú agus tá teagmhais aimsire foircneacha ag tarlú níos minice agus, i dteannta le huirbiú méadaithe, níl Éire chomh cosanta a thuilleadh ar thionchar na haimsire. Ó bunaíodh é breis is 80 bliain ó shin, tá Met Éireann ag freastal ar Éirinn trí fhaisnéis aimsire, réamhaisnéisí agus rabhaidh phoiblí a sholáthar chun beatha agus maoín an phobail a chosaint. Sna deich mbliana atá amach romhainn, gabhfaimid dúshlán an athraithe aeráide orainn féin agus chuige seo, cabhróimid le muintir na hÉireann iad féin a ullmhú don aimsir agus don aeráid.

Féachann an plean straitéiseach seo le riachtanais seirbhíse i gcaitheamh an chéad deich mbliain eile a mheas; díríonn sé ar ar féidir a chur i gcrích ó thaobh na heolaíochta agus na teicneolaíochta de; agus leagann sé aidhmeanna agus spriocanna amach, a mbeidh torthaí cinnte ann mar thoradh orthu agus a bheidh ina n-éachtaí de chuid ár mórsprioc, tacú le muintir na hÉireann iad féin a ullmhú don aimsir agus don aeráid. Tá sé mar aidhm againn plean oibre a réiteach do Met Éireann ionas gur féidir leis aghaidh a thabhairt ar na deiseanna agus na dúshláin atá roimhe sna blianta amach anseo. Ar an gcaoi seo, is é a bheidh sa straitéis Ullmhaithe don Aimsir agus don Aeráid ná dearcadh níos leithne agus níos fadtéarmaí a fheabhsóidh is a thacóidh leis na straitéisí agus na pleananna a chuirfidh an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i bhfeidhm faoi réir tréimhsí ama níos giorra.

Is toradh é ár bplean straitéiseach ar iarracht chomhoibríoch idir ár bhfoireann agus bainistíocht Met Éireann, i gcomhar leis an Roinn ina hiomláine agus le comhpháirtithe i measc na bpobal acadúil/taighde, idir phríobháideach agus phoiblí. Tá an plean ag teacht go mór le Clár an Rialtais, an Creat Náisiúnta Pleanála, beartas náisiúnta um athrú aeráide, an Creat Náisiúnta Oiriúnaithe, an Plean Náisiúnta Maolaithe, Nuáil 2020, *Straitéis 2016-2025 um Sheirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíochta agus Hidreolaíochta na hEorpa* agus plean straitéiseach an WMO 2016-2019. Cuimsíonn sé go fairsing agus léiríonn sé go soiléir rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara, mar aon leis an tsmaointeoireacht straitéiseach is úire ó na heagraíochtaí meitéareolaíochta idirnáisiúnta ar fad.

Tá fúinn a bheith tiomanta i gcónaí don chomhoibriú dlúth lenár gcomhpháirtithe agus páirtithe leasmhara de réir mar a fhorbraímid pleananna cur i bhfeidhm níos mionsonraithe mar thoradh ar an straitéis seo. Is deis é an cur chuige seo do Met Éireann a bheith níos cumasaí, níos inniúla agus níos meabhraí agus é i mbun seirbhísí a sholáthar. Ar an mbealach seo, soláthróimid faisnéis aimsire agus aeráide saincheaptha níos tráthúla agus níos cruinne dár n-úsáideoirí chun tacú le cinnteoireacht ag gach leibhéal agus chun ár gcion a dhéanamh le sochaí is geilleagar níos sláintiúla agus níos sláine a chur i bhfeidhm.

Eoin Moran
Stiúrthóir



RÉAMHRÁ

Is é Met Éireann, ar rannán líne é den Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, an tSeirbhís Náisiúnta Meitéareolaíochta, agus is é freisin an eagraíocht eolaíoch seirbhíse poiblí atá freagrach do Stát na hÉireann as:

- sonraí meitéareolaíochta ar ardchaighdeán a bhailiú agus a chur ar fáil;
- seirbhísí aimsire agus aeráide údarásacha a chur in iúl chun beatha agus maoin daoine a chosaint, agus chun folláine na sochaí agus an gheilleagair i gcoitinne a chur chun cinn;
- taighde a dhéanamh ar an aimsir agus ar an aeráid ionas go bhfeabhsófar seirbhísí custaiméara agus go dtacófar le cinnteoireacht;
- ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn i láthair an WMO (an Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta), an ECMWF (Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin) agus an EUMETSAT (an Coinbhinsiún maidir le hEagraíocht Eorpach a bhunú chun satailítí meitéareolaíocha a shaothrú)

Bíonn Met Éireann rannpháirteach freisin i réimse líonraí idirnáisiúnta aimsire agus aeráide, lena n-áirítear EUMETNET (Líonra Seirbhísí Meitéareolaíochta na hEorpa), HIRLAM (Múnla Ardtaifigh Limistéir Theoranta), an Comhaontas Met (Comhaontas Soláthraithe Seirbhíse Aerloingseoireachta Meitéareolaíochta san Eoraip, EC-Earth (Cuibhreannas Taighde Aeráide) agus ECOMET (Comhoibriú Eorpach sa Mheitéareolaíocht).

Is é Met Éireann lárionad eolais agus saineolais Éireann maidir leis an aimsir agus leis an aeráid; an príomhsholáthraí eolais agus seirbhísí meitéareolaíochta sa Stát. Agus muid ag cur lenár gcultúr barr feabhais eolaíochta, léiríonn ár n-eagraíocht tiomantas don tseirbhís phoiblí, agus chuige seo, soláthraíonn sí faisnéis aimsire údarásach a thacaíonn le folláine na tíre agus le forbairt gheilleagair.

I bhfianaise aeráid na hÉireann, ba dhúshlán riamh é an aimsir a thuair. Tá an aeráid ag athrú anois, áfach, agus ní mór don tsochaí aghaidh a thabhairt ar roghanna nua ó thaobh pleanáil fhadtéarmach de, roghanna a chinnteoidh conas is féidir linn a oiread tairbhe agus is féidir a bhaint, ar bhonn inbhuanaithe, as saibheas agus éagsúlacht na n-acmhainní nádúrtha ar ár n-oileán.

Na seirbhísí a chuirfear ar fáil dúinn i dtaca le haimsir, aeráid agus an comhshaol i gcoitinne, is tacaíocht rithábhachtach a bheidh iontu leis na cinntí agus na roghanna tábhachtacha a bheidh orainn a dhéanamh le linn na mblianta romhainn amach – mar dhaoine aonair agus mar shochaí. Ionas gur féidir forbairt sochaí agus geilleagair inbhuanaithe a bhaint amach le linn an 21^ú céad, ní mór d'Éirinn a bheith iomlán ullamh le haghaidh na haimsire a bheidh ann amach anseo, chomh maith le síorathruithe na haeráide. Is é an dúshlán atá roimh Met Éireann ná a bheith ina chrann taca do na hullmhúcháin sin trí bhíthin seirbhísí atá bunaithe ar eolaíocht barr feabhais, agus iad sin á soláthar ag saineolaithe.

Ár mBunluachanna

- Cruinneas agus oibiachtúlacht eolaíoch agus teicniúil
- Ionracas agus proifisiúntacht
- Tiomantas do Sheirbhís Phoiblí agus don Chustaiméir



Fís 'Ullmhaithe don Aimsir agus don Aeráid'

An dúshlán – Éire atá Ullamh don Aimsir agus don Aeráid a chinntiú

Tá Met Éireann ina ghlór údarásach maidir le haimsir agus aeráid in Éirinn le 80 bliain anuas. Cuireann sé faisnéis iontaofa ar fáil don phobal, don rialtas agus d'úsáideoirí ar leith amhail na hearnálacha eitlíochta agus talmhaíochta. Tá sainoibríocht réamhaisnéise 24/7 Met Éireann tar éis cur ar a chumas a bheith i láthair i gcónaí chun gnáthréamhaisnéisí laethúla a sholáthar, chomh maith le rabhaidh i dtaca le fiordhrochaimsir atá á tuar, áit ar gá.

Tá athrú ó bhonn ag tarlú i Seirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíochta ar fud an domhain maidir leis an gcaoi a gcuireann said seirbhísí ar fáil don phobal. Is toradh iad na hathruithe seo ar dhul chun cinn san eolaíocht agus sa teicneolaíocht, ar thuiscint níos fearr ar na buntáistí féideartha a bhaineann le réamhaisnéisí bunaithe ar thionchar, agus ar thairbhe a bhaint as bealaí nua cumarsáide, rud a éascaíonn soláthar faisnéise aimsire do gach aoisghrúpa trí na meáin dhigiteacha, a bhíonn ag síorathrú. Tá níos mó éilimh anois ó eárnálacha éagsúla den tsochaí ar sheirbhísí aeráide níos fearr, agus eascraíonn an t-éileamh seo ó fheasacht mhéadaithe maidir le tionchar leantach an athraithe aeráide ar chúrsaí socheacnamaíocha. Chun freagairt do na dúshláin seo, tá Met Éireann ag cur a fhíse don chéad 10 mbliain eile i láthair, mar aon leis an straitéis atá aige chun an fhís sin a thabhairt chun críche. Is é aidhm na físe seo ná áit ar leith a bhaint amach do Met Éireann mar eagraíocht chomhaimseartha atá dírithe ar chustaiméirí agus a chuireann seirbhísí a bhfuil ardluach ar airgead ag baint leo, ar fáil don Stát agus don phobal.

Ar na dúshláin atá romhainn amach, tá cinn nach bhfuil feicthe againn go fóill; athruithe suaiteacha i dtaca le teicneolaíocht agus nuáil, chomh maith le dul chun cinn coincheapúil suntasach ó thaobh na heolaíochta meitéareolaíochta de. Ar an ábhar sin, ní mór don eagraíocht a bheith meabhrach agus solúbtha; ullamh le freagairt d'athrú agus d'fhorás mear a éiceachórais, agus san am céanna, barr feabhais a chuid seirbhísí do mhuintir na hÉireann a chothabháil agus a fhorbairt.

Is é fíis Met Éireann go mbeadh Éire **Ullamh don Aimsir agus don Aeráid** agus chuige seo, cabhróidh sé le sochaí na hÉireann a bheith ullamh le haghaidh dúshláin a bhaineann leis an aimsir, agus a bheith in ann freagairt dóibh.

SPRIOC 1: Tacú níos fearr i gcás teagmhais aimsire le cinnteoireacht atá bunaithe ar thionchar

Réamhrá

Níl Éire chomh cosanta a thuilleadh ar thionchar na haimsire, agus tá sin amhlaidh mar thoradh ar athrú aeráide agus toisc go bhfuil méadú ag teacht ar uirbiú. Is bagairtí dúinn iad teagmhais aimsire ardtionchair amhail stoirmeacha gaoithe, babhtáí báistí troime ná tamaill fhada teasa/fuachta. Anuas air sin, d'fhéadfadh contúirtí a bhaineann leis an aimsir, mar shampla, tuilte ná falscaithe, daoine a ghortú nó a mharú, agus damáiste a dhéanamh do mhaoín, do bhonneagar agus don chomhshaol. De réir mar a éiríonn an t-athrú aeráide níos measa, is dealraitheach go mbeidh níos mó dúshlán fós roimh Éirinn ó thaobh na haimsire de, agus tá an-seans go mbeidh teagmhais fhoircneacha níos measa agus go dtarlódh siad níos minice. Is iad na daoine a chónaíonn in aice an chósta agus ar mhánna abhann atá leochaileach go háirithe. Ar na hearnálacha is leochailí inár ngeilleagar, tá iascach, an bonneagar tógtha, talmhaíocht, acmhainní uisce, foraoiseacht, fuinneamh agus an bonneagar iompair.

Mar thoradh ar chinnteoireacht atá bunaithe ar thionchar, dírtear ar riachtanais úsáideoirí agus láidritear an bhaint atá ann idir faisnéis aimsire agus cúiseanna imní úsáideoirí. Is cur chuige comhpháirtíochta é seo maidir le rioscaí aimsire a bhainistiú, agus éilíonn sé dlúthbhaint idir Met Éireann agus na húsáideoirí deiridh. Tacóidh Met Éireann le saoránaigh, gníomhaireachtaí poiblí agus earnálacha ar leith, agus iad i mbun cinnteoireachta, agus éascóidh sé maolú suntasach ar na caillteanais a d'fhéadfadh tarlú de bharr teagmhais aimsire ardtionchair. Má chuirfear faisnéis meitéareolaíochta áitiúil feabhsaithe ar fáil, beifear in ann tionchar ionchais bagairtí aimsire ar leith a shainaithint, chomh maith leis na réigiúin is mó atá i mbaol mar thoradh ar na bagairtí sin. Déanfar faisnéis a chur in oiriúint le haghaidh shainriachtanais na n-úsáideoirí, ar a n-áirítear práinnfhreagairt, iompar, talmhaíocht, cúrsaí muirí, turasóireacht agus an pobal.

Táscairí go bhfuil ag Éirí Linn

An sprioc atá ag Met Éireann chun tacaíocht a fheabhsú le haghaidh cinnteoireacht atá bunaithe ar thionchar, is é a bheidh mar thoradh air seo ná go mbeidh an tsochaí níos ullmhaithe agus go mbeidh cumas níos fearr cosanta sibhialta ann i gcás go dtarlaíonn guaiseacha nádúrtha. Beidh bainistiú níos fearr ann ar rioscaí a bhaineann leis an aimsir, agus coscfaidh seo gortú agus bás; beidh costais níos ísle ag baint le damáiste do mhaoín agus bonneagar Stáit, chomh maith le téarnamh sochaí níos tapúla tar éis teagmhais ardtionchair.

Cuspóir 1.1: Glac cur chuige comhpháirtíochta maidir le cinnteoireacht atá bunaithe ar thionchar

Cad a dhéanfaimid?

- **Leanúint de líonra comhpháirtithe a fhorbairt** - Malartú eolais agus foghlaim a éascú ar bhonn leantach, agus é sin dírithe ar conas a thacóidh seirbhísí aimsire le cinnteoireacht bunaithe ar thionchar, go háirithe i dtaca le teagmhais aimsire foircní.
- **Tuiscint shoiléir a fháil ar an gcaoi a n-úsáideann an pobal faisnéis aimsire** - Spreagfar rannpháirtíocht leis an bpobal chun é seo a chur i gcrích, chomh maith le gníomhaíochtaí taighde sna heolaíochtaí sóisialta agus iompraíochta.

Cuspóir 1.2: Tabhair faoi thaighde spriocdhírthe meitéareolaíochta agus clíomeolaíochta

Cad a dhéanfaimid?

- **Saineolas níos doimhne a fhorbairt atá bunaithe ar thionchar** - Leochaileacht réigiúnach agus áitiúil ó thaobh na haimsire de a thuiscint, agus a bheith rannpháirteach go gníomhach i líonraí taighde a thacaíonn le forbairt seirbhísí.
- **An cumas múnlaíthe a fheabhsú i dtaca le tuar uimhriúil aimsire** – Cumas a fhorbairt atá dírithe ar mhúnlaí matamaiticiúla ardaifigh den atmaisféar, a choigeartaítear go háitiúil agus a bhfuil d'aidhm acu, tacaíocht tuair optamach a sholáthar le haghaidh teagmhais aimsire ardtionchair.

Cuspóir 1.3: Seirbhísí aimsire ardchaighdeáin a sholáthar

Cad a dhéanfaimid?

- **Córais soláthair agus cur in iúl réamhaisnéisí a fheabhsú** - Úsáideacht agus inrochtaineacht do lucht na cinnteoireachta a mhéadú a oiread agus is féidir, trí réamhaisnéisí dóchúlaocha fadraoin a fhorbairt chun an cumas cinnteoireachta a fheabhsú.
- **Seirbhísí aimsire eitlíochta feabhsaithe a sholáthar** - Cuirfear forbairt agus nua-chóiriú leanúnach i bhfeidhm i dtaca le bonneagar agus córais, agus feabhsóidh seo sábháilteacht eitilte agus éifeachtúlacht aerfoirt.
- **Oibríochtaí láidre meabhracha a fhorbairt** - Tógfar iad seo ar bhunús múnla eagraíochtúil a mbeidh de chumas, d'oiliúint agus de shaineolas aige freagairt go héifeachtach agus go héifeachtúil le linn teagmhais aimsire foircní.
- **Réimse rabhadh poiblí a sholáthar maidir le guaiseacha aimsire** - Chun é seo a dhéanamh, úsáidfear seirbhísí agus táirgí a bhfuil dlúthbhaint acu leis an aimsir, arna bhforbairt de réir riachtanais úsáideoirí agus i gcomhar le gníomhaireachtaí poiblí agus an pobal taighde.

SPRIOC 2: Seirbhísí faisnéise aeráide a sholáthar a chuirfidh sábháilteacht an phobail chun cinn agus a thacóidh le teacht aniar geilleagrach agus comhshaoil

Réamhrá

Aon athruithe ar aeráid Éireann, beidh tionchar suntasach acu ar an tsochaí, an geilleagar agus an comhshaol nádúrtha. Má chuirtear seirbhísí aeráidí comhtháite ardchaighdeán i bhfeidhm, cinnteoidh seo go n-aithnítear agus go bhfreastalaítear ar na dúshlán atá roimh an Stát, a shaoránaigh agus earnáil an tionscail maidir le hathrú aeráide. Tá breathnóireachtaí aimsire ardchaighdeán ina mbunghné d'anailisiú ár n-aeráid, ach is coinníoll de sholáthar seirbhísí aeráide é infheistíocht sna múnlaí aeráide domhanda agus réigiúnacha is fearr dá bhfuil ann, le gur féidir faisnéis a chur in oiriúint do leibhéal áitiúil.

Déanfaidh Met Éireann breathnóireachtaí ar an gcóras aeráide a chónascadh leis an eolaíocht is déanaí chun eolas údarásach d'ardchaighdeán a fhorbairt faoi staid na haeráide agus na haimsire in Éirinn, mar a bhí, mar atá anois agus mar a bheidh sa todhchaí, ar bhonn réigiúnach agus áitiúil araon. Láidreofar an cumas taighde, agus cothófar comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí eile in Éirinn, san Eoraip agus sa phobal meitéareolaíochta idirnáisiúnta i gcoitinne. Beidh úsáideoirí gafa le forbairt táirgí clíomeolaíochta, a gcuirfear a n-úsáid i bhfeidhm trí sheirbhísí oideachasúla léirmhínitheacha. Na seirbhísí aeráide a chuireann Met Éireann ar fáil, beidh siad sin ina mbonn le beartais náisiúnta um oiriúnú don aeráid, agus cinnteoidh siad go mbeidh faisnéis saincheaptha ar fáil don Rialtas, don earnáil phoiblí i gcoitinne, agus d'earnálacha na hacadúlachta a chuiridh ar a gcumas, cinntí eolacha a dhéanamh atá bunaithe ar fhianaise fheidhmiúil eolaíochta.

Táscairí go bhfuil ag Éirí Linn

Má tá faisnéis aeráide agus aimsire d'ardchaighdeán ar fáil go háitiúil agus go réigiúnach, spreagfaidh seo tuiscint feabhsaithe ar an saghas athraithe atá ag teacht ar aeráid na hÉireann. Déanfaidh an fhaisnéis seo níos éasca é, maolú agus oiriúnú feasach aeráide a phleanáil, agus beidh bainistiú acmhainní níos fearr ann dá réir, a bheith dírithe ar bhonneagar agus ar fhorbairt gheilleagrach.

Cuspóir 2.1: Seirbhísí faisnéise aeráide a sholáthar feadh an chontanaim iomláin aimsire - aeráide

Cad a dhéanfaimid?

- **Anailísí deifnídeacha ar aeráid Éireann** - Soláthrófar saineolas ar bhonn leanúnach ar staid aeráid Éireann de réir tréimhsí ama míosúla, bliantúla agus deichbhliantúla.
- **Faisnéis a chur ar fáil maidir le haimsir agus aeráid na todhchaí** - Leas a bhaint as na forbairtí is déanaí san eolaíocht meitéareolaíochta chun réimse seirbhísí ciallmhara a sholáthar ar scála áitiúil, ó réamhaisnéisí míosúla agus tuair shéasúracha go réamh-mheastacháin agus anailísí aeráide.

Cuspóir 2.2: Táirgí agus seirbhísí ar leith a fhorbairt le haghaidh earnálacha atá íogair ó thaobh na haeráide de

Cad a dhéanfaimid?

- **Seirbhísí aimsire agus aeráide saincheaptha a sholáthar de réir éilimh** – Sainsheirbhísí de réir earnála a sholáthar chun tacú le cinnteoireacht, arna bhforbairt mar thoradh ar rannpháirtíocht le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara faoi leith chun tacú le beartas, pleanáil agus bainistiú riosca.

Cuspóir 2.3: Táirgí seirbhíse aeráide a chur ar fáil go forleathan agus a n-úsáid a chur chun cinn

Cad a dhéanfaimid?

- **Faisnéis aeráide a sholáthar** - Déanfar seo trí thairseach a sholáthróidh réimse comhtháite Seirbhísí Aeráide arna bhforbairt i gcomhar le gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- **Seirbhísí léirmhínitheacha a chur ar fáil, agus iad dírithe ar thionchar** - Comhoibriú le húsáideoirí, agus saineolas, comhairle is uirlisí léirmhínitheacha a sholáthar dóibh lena chinntiú go bhfeabhsófar torthaí socheacnamaíocha de bharr lánúsáid chuí táirgí aeráide.

SPRIOC 3: Seirbhís náisiúnta tuair tuilte ar ardchaighdeán a chur ar fáil

Réamhrá

Ó thús an mhíle bliana, tá an-chuid teagmhas tuilte tar éis tarlú in Éirinn, a ndearnadh an-damáiste mar thoradh orthu. Mar fhreagairt air seo, chinn an Rialtas in Eanáir 2016 Seirbhís Náisiúnta um Thuar agus Rabhaidh Tuilte (NFFWS) a chur ar bun. An chéad chéim d'fhorbairt na seirbhíse seo ná bunú Ionad Náisiúnta Tuair Tuilte in Met Éireann.

Oibreoidh Met Éireann i gcomhpháirt le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) agus le páirtithe leasmhara eile ar bhunú an NFFWS, agus chun tacú leis an NFFWS, cinnteoidh sé go háirithe go gcuirfear an tIonad Tuair Tuilte ar bun to tráthúil éifeachtúil. Mar chuid dó seo, beidh gá le scileanna agus acmhainní nua a fháil agus a fhorbairt, ionas gur féidir foireann hidrimeitéareolaíochta agus baill foirne tacaíochta a chur le chéile, agus an bonneagar teicniúil bainteach a shuiteáil. Déanfar soláthar oibríochtúil foláireamh agus tuairiscí faisnéiseacha faoi thuilte a chumasú ar bhonn náisiúnta, ionas go mbeidh an mhuinín chéanna ag an bpobal sna réamhaisnéisí tuilte atá acu faoi láthair i seirbhísí réamhaisnéise aimsire Met Éireann, agus ionas go bhfeabhsófar teacht aniar Éireann i ndáil le tuilte.

Táscairí go bhfuil ag Éirí Linn

Laghdú ar thionchar teagmhas tuilte ar mhórsála in Éirinn. Múnla tuair tuilte atá i bhfeidhm gach lá ar bhonn náisiúnta, a eisíonn ráitis agus foláirimh treorach i ndáil le tuilte mar is gá do na comhlachtaí ábhartha.

Cuspóir 3.1: Comhpháirtíochtaí a fhorbairt le gníomhaireachtaí agus ionaid eile in Éirinn agus thar lear a bhfuil saineolas hidreolaíochta acu.

Cad a dhéanfaimid?

- **Dlúthchaidrimh oibre a fhorbairt** - Comhpháirtíochtaí a chothú le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta chun tacú leis an OPW, lena n-áirítear ionaid saineolais hidreolaíochta agus aigéaneolaíochta agus úsáideoirí seirbhísí foláirimh agus tuair tuilte.
- **Eolas oibríochtúil maidir le leibhéil uisce a bhailiú** - Tiomsófar na breathnóireachtaí hidriméadrachta uile atá ann i mbunachar aontaithe i gcomhpháirt le gníomhaireachtaí eile, soláthrófar iad le haghaidh úsáid oibríochtúil agus ansin cuirfear i gcartlann iad.

Cuspóir 3.2: Ionad Tuair Tuilte a chur ar bun

Cad a dhéanfaimid?

- **Foireann saineolaithe hidrimeitéareolaíochta a bhunú** - Ar bhunús eolas agus shaineolas Met Éireann i dtaca le seirbhísí aimsire a sholáthar, seirbhís chosúil a bhunú i réimse an Tuair Tuilte. Foireann ardcháilithe a earcú, oiliúint den scoth a chur ar fáil, agus ardleibhéal tacaíochta bonneagair a chinntiú.
- **Uirlisí oibríochtúla tuair tuilte a fhorbairt** - Múnlaí hidreolaíochta agus aigéaneolaíochta a fhorbairt, agus iad curtha in oiriúint do shainriachtanais chomhthéacs na hÉireann, agus feabhsaithe ag córas ceannródaíoch tacaíochta cinnteoireachta.

Cuspóir 3.3: Scaipeadh optamach foláireamh tuilte

Cad a dhéanfaimid?

- **Foláirimh agus rabhaidh tuilte a chur in iúl go héifeachtach do gach úsáideoir** - Cuirfear táirgí agus seirbhísí saincheaptha ar fáil do phríomhúsáideoirí foláireamh tuilte agus ráiteas treorach tuilte, agus cinnteoidh seo go mbeidh feachtas phoiblí fhorleathan ann faoi rioscaí tuilte agus conas na rioscaí sin a mhaolú go cuí.

SPRIOC 4: Leanúint de ghlór éifeachtach údarásach a sholáthar maidir le meitéareolaíocht in Éirinn

Réamhrá

Mar Sheirbhís Náisiúnta Meitéareolaíochta na hÉireann, tá caidreamh seanbhunaithe ag Met Éireann leis an bpobal agus ardphróifíl aige ina measc, rud atá amhlaidh mar thoradh ar ardchaighdeán a chuid réamhaisnéisí agus faisnéise aimsire, agus méid a lucht féachana agus éisteachta sna meáin, lena n-áirítear réamhaisnéisí teilifíse agus raidió. In ainneoin a bhfuil ann de réamhaisnéisí eile ar chainéil eolais de gach cineál, is é Met Éireann fós príomhfhoinsé eolais faoin aimsir in Éirinn; tá a láithreán gréasáin ar na cinn is mó a bhfuil tóir orthu sa tír.

Má tá Éire le bheith ullamh le haghaidh aimsir na todhchaí i gcomhthéacs aeráid atá ag síorathrú, ní mór don Stát agus a shaoránaigh rochtain a bheith acu i gcónaí ar sheirbhís aimsire ardchaighdeán. Ní mór do Met Éireann muinín mhuintir na hÉireann a chaomhnú i ndáil lena chumas leanúnach, réamhaisnéisí agus rabhaidh aimsire a sholáthar a chomhlíonann caighdeán idirnáisiúnta eolaíochta.

Beidh Met Éireann ina ghlór údarásach i dtaca le faisnéis aimsire agus aeráide in Éirinn ionas go gcosnófar beatha agus maoín agus go gcuirfear le folláine ghinearálta na sochaí. Beidh an méid sin bunaithe ar thaighde eolaíochta spriocdhírthe a spreagfaidh, a oiread agus is féidir, soláthar seirbhísí meitéareolaíochta barr feabhais d'Éirinn. Feabhsófar láithreach meáin Met Éireann thar na meáin thraidisiúnta, dhigiteacha agus shóisialta. Cinnteoidh Met Éireann go bhfuil cur amach iomlán ag an Stát, an pobal agus earnáil an tionscail faoina chuid seirbhísí agus conas is fearr iad a úsáid, bunaithe ar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí oideachasúla agus for-rochtana.

Is é a bheidh mar bhonn agus taca aige seo ná tiomantas láidir leantach Met Éireann do chaighdeáin chustaiméara den scoth, agus chuige seo, tá gá le measúnú agus tomhas leanúnach torthaí custaiméara agus sásaimh úsáideora. Is bunilimint é seo dár luachanna, agus tá ról lárnach aige inár gcur chuige ó thaobh freastal ar phobal na hÉireann de.

Táscairí go bhfuil ag Éirí Linn

Caomhnóidh Met Éireann go hindeimhnithe, a ghlór iontaofa mar sholáthróir tosaíochta seirbhísí aimsire agus aeráide in Éirinn i measc gach aoisghrúpa, trí réimse leathan ardán faisnéise.

Cuspóir 4.1: Rannpháirtíocht mhéadaithe sa Phobal Taighde Meitéareolaíochta agus Clíomeolaíochta

Cad a dhéanfaimid?

- **Acmhainneacht a threisiú i bpríomhréimsí taighde** - Déanfar seo i réimsí amhail NWP, tuar dóchúláíoch, athrú aeráide agus tuar tuilte, agus an méid seo bunaithe ar chomhoibrú ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta sa phobal taighde féin agus le páirtithe eile; Taighde eolaíochta agus teicneolaíochta a chomhtháthú chun tráthúlacht, cruinneas agus úsáideacht na faisnéise aimsire a fheabhsú ar son phobal na hÉireann.
- **Díriú ar aistriú eolais taighde chuig seirbhísí úsáideora** - Chun é seo a dhéanamh, tacófar le tionscadail taighde fheidhmeacha atá dírithe ar úsáideoirí agus a bhaineann le soláthar seirbhís í meitéareolaíochta agus aeráide. Áireofar leis seo socruithe iasachta, comhpháirtíochtaí, agus rannpháirtíocht i gclár iarchéime, comhaltachta agus iardhochtúireachta; comhoibriú le hearnálacha na hacadúlachta agus an tionscail, agus le heagraíochtaí taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- **Deontais maoinithe taighde a fháil** - chun tacú le gníomhaíochtaí taighde i gcomhpháirt le hinstiúidí acadúla agus taighde ábhartha.

Cuspóir 4.2: Rioscaí agus neamhchinnteachtaí i dtaca leis an aimsir a chur in iúl go héifeachtach, agus tuiscint ar iompar an duine á léiriú san am céanna

Cad a dhéanfaimid?

- **Tacú le sochaí atá ullamh le haghaidh na haimsire agus na haeráide** - Chun seo a chur i gcrích, rachfar i muinín rannpháirtíocht úsáideoirí, ceardlanna ionsamhlúcháin agus clár forbartha cumarsáide lena chinntiú go bhfaigheann an pobal an teachtaireacht riosca aimsire chuí agus go dtuigeann siad conas ciall a bhaint aisti.
- **Láithreacht meáin Met Éireann a threisiú ar gach ardán** - Déanfar seo trí lántairbhe a bhaint as na meáin dhigiteacha, shóisialta agus chraolta, rud a chuirfidh ar chumas Met Éireann cumarsáid dhíreach éifeachtach a dhéanamh le pobal na hÉireann.
- **Ár gcur amach ar fhreagairt na n-úsáideoirí ar fhaisnéis aimsire agus aeráide a fheabhsú** - Chun seo a dhéanamh, úsáidfear taighde sóisialta agus iompraíochta, suirbhéanna ar iompar agus dearcaidh, agus úsáid anailísíocht sonraí úsáideora.

Cuspóir 4.3: Gníomhaíochtaí for-rochtana, oideachais agus cur chun cinn a fhorbairt

Cad a dhéanfaimid?

- **Acmhainn oideachasúil a sholáthar le haghaidh faisnéis aimsire agus aeráide** – Tacóidh Met Éireann le hoideachas poiblí chun tuiscint a éascú ar mheiteareolaíocht, chlíomeolaíocht, athrú aeráide, réamhaisnéisí agus neamhchinnteacht i leith réamhaisnéisí; trí bhíthin soláthar seirbhísí ilmheán agus ar líne, bainfear a oiread leasa agus is féidir as réamhaisnéisí agus rabhaidh atá bunaithe ar thionchar.
- **Tabhair faoi fhor-rochtain aimsire agus aeráide** – Chuige seo, beidh rannpháirtíocht dhíreach ar siúl go forleathan ag imeachtaí náisiúnta, ar chuairteanna scoile agus coláiste, agus trí thacaíocht do thionscnaimh phobail, agus cuirfidh seo ar chumas Met Éireann cultúr feasachta a chothú in Éirinn i dtaca leis an aimsir agus an aeráid.

Cuspóir 4.4: Múnla soláthair seirbhísí Met Éireann a fheabhsú

- **Riachtanais i dtaca le soláthar agus forbairt seirbhísí a nascadh le riachtanais úsáideoirí** – Chuige seo, eagrófar comhairliúcháin le húsáideoirí chun táirgí agus seirbhísí saincheaptha a fhorbairt; fócas ar chustaiméirí a chothú le gur féidir seirbhísí den scoth a chur ar fáil a oiread agus is féidir
- **Feidhmíocht agus torthaí seirbhísí a mheasúnú agus a mhonatórú** – Feidhmíocht a mheas, a thomhas agus a fheabhsú ar bhonn leanúnach chun ár dtiomantas do sheirbhísí ardchaighdeáin a chaomhnú; teicneolaíochtaí nua a úsáid áit ar cuí; athbhreithniú leantach ar aiseolas custaiméirí a dhéanamh le gur féidir seirbhísí a fhorbairt.

SPRIOC 5: Sainfhórsa oibre proifisiúnta a chothabháil, agus tacú leis

Réamhrá

Ní mór do Sheirbhís Meitéareolaíochta Náisiúnta sainfhórsa oibre proifisiúnta a chothabháil, agus tacú leis. Tá pearsanra oilte solúbtha, agus iad thar a bheith spreagtha, ag teastáil chun freastal ar an réimse gníomhaíochtaí atá idir lámha agus atá pleanáilte ag Met Éireann, agus chun déileáil le luas na n-athruithe teicneolaíochta. Is príomhthosaíocht de chuid Met Éireann é tacú lena fhoireann lántiomanta agus iad a fhorbairt, agus ár saineolas a chothú is a mhéadú trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach agus trí earcaíocht iomaíoch iarrthóirí ardcháilithe. Ní mór do Met Éireann a chinntiú go gcoinníonn is go bhforbraíonn sé a phróifíl mar láthair oibre ardchaighdeán i ndisciplíní a bhaineann le meitéareolaíocht, hidreolaíocht agus na réimsí STEM ábhartha.

Má tá fórsa oibre oilte spreagtha ann, agus roghanna éagsúla gairme ar a dtoil acu, bainfidh siad níos mó sásaimh as a bpost, agus leanfar de tháirgí agus seirbhísí iontaofa ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí dá réir sin.

Táscairí go bhfuil ag Éirí Linn

Go n-aithnítear Met Éireann mar láthair oibre tharraingteach le fórsa oibre fuinniúil ardoilte proifisiúnta, a bhfuil ardráta coinneála foirne ag baint léi. Go n-aithnítear go gcuirtear seirbhísí aimsire agus gníomhaíochtaí taighde eolaíochta i bhfeidhm ar bhonn ardchaighdeán, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

Cuspóir 5.1: Fórsa oibre ardoilte a mhealladh agus a choinneáil

Cad a dhéanfaimid?

- **Fórsa oibre ilchineálach ardfheidhmíochta a chothabháil** - Mar thoradh ar phleanáil éifeachtach an fhórsa oibre, bainistiú comharbais, forbairt leanúnach phroifisiúnta agus earcú.
- **Timpeallacht oibre sholúbtha oiriúnaitheach** - Chun seo a bhaint amach, cuirfear clár thrassrutha agus luaineachta i bhfeidhm a bheidh dírithe ar leasanna agus pleananna forbartha gairme ball foirne aonair.
- **A bheith rannpháirteach go gníomhach i sláinte agus cur chun cinn folláine sa láthair oibre** - Díriú ar fhorbairt foirne, oiliúint, bainistiú acmhainní daonna, comhairliúchán, cumarsáid agus athshlánú, ar gnéithe iad uile a aistreoidh an bhéim ó láthair oibre shláintiúil go heagraíocht shláintiúil.

Cuspóir 5.2: Forbairt phroifisiúnta leanúnach a éascú agus cumas eolas ar bhonn institiúideach a fhorbairt

Cad a dhéanfaimid?

- **Ár gcultúr bainistíochta a láidriú** - Déanfar seo trí chumarsáid agus aiseolas trédhearcach, a mbeidh mar bhonn agus taca aige, cumhachtú foirne laistigh de thimpeallacht oibre phroifisiúnta ina gcuirtear idir dhúshlán agus dheiseanna forbartha ar fáil.
- **Clár um forbairt phroifisiúnta leanúnach a bhunú** - Bunófar clár CPD tiomanta lena chinntiú go mbeidh eolas agus scileanna na foirne suas chun dáta.
- **Bainistiú eolais a fheabhsú** - Cur i bhfeidhm optamach saineolais a chinntiú mar thoradh ar mhalartú eolais éifeachtach, chórais aistrithe eolais agus Chórais Bainistíochta Cáilíochta éifeachtacha ar fud na heagraíochta.
- **Cumas agus saineolas teicniúil agus eolaíochta a mhéadú** - trí mhisin eolaíochta ghearrthéamacha, chlár mhalartaithe agus shocruithe iasachta le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta; clár comhaltachtaí arna bhfeidhmiú i gcomhar leis an bpobal taighde.
- **Leanúint de chomhpháirtíochtaí a fhorbairt leis an bpobal taighde agus le hearnáil an tionscail** - Chuige seo, beidh rannpháirtíocht ann i dtaighde agus comhoibriú spriocdhírithe, agus forbrófar saineolas inmheánach agus eolas institiúideach dá bharr.

Cuspóir 5.3: Socruithe oibre eagraíochtúla optamaithe

Cad a dhéanfaimid?

- **Struchtúr eagraíochtúil optamach a chur ar bun, a bheidh dírithe ar sheirbhísí** - Díreofar a oiread agus is féidir ar sholáthar seirbhísí den scoth mar thoradh ar idirghníomhaíocht thraseagraíochta agus struchtúir is róil aontaithe.

SPRIOC 6: Bheith mar cheannaire ar bhonneagar meitéareolaíochta comhaimseartha comhtháite agus tacú le timpeallacht fiontraíochta le haghaidh seirbhísí aimsire agus aeráide

Réamhrá

Ní mór do Met Éireann tacú le bonneagar meitéareolaíochta náisiúnta láidir daingean mar bhunús le cruthú agus soláthar seirbhísí aimsire agus aeráide. I dtimpeallacht teicneolaíochta atá ag síorathrú, is gá do Met Éireann a phríomhchumas agus bonneagar a fhorbairt i gcónaí, agus san am céanna, a chinntiú go bhfuil leanúnachas córas agus próiseas ann a ligfidh do chúrsaí “leanúint mar is gnáth”.

Is gá do Met Éireann a acmhainneacht a choinneáil sa chaoi gur féidir leis a bheith ag súil leis na riachtanais athraitheacha a thiocfaidh chun cinn agus a bheith in ann déileáil leo. De réir mar a bhíonn teicneolaíochtaí ag dul chun cinn, déanfar líonraí breathnóireachta a uasghrádú agus a fhorbairt. Eagrófar seirbhísí TFC go héifeachtach le go bhfreastalóidh siad ar éilimh mhéadaitheacha, ar a n-áirítear fáil ar shonraí breathnóireachta agus soláthar Sonraí Oscailte. Ní mór do Met Éireann socruithe a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil cumas ríomhaireachta ardfeidhmíochta (HPC) leordhóthanach ann le feabhsuithe múnlaíthe agus tuair a spreagadh. Beidh cur chuige meabhrach solúbtha d'fhorbairt córas ina bhonn le soláthar seirbhísí a fhreastalaíonn ar riachtanais na sochaí.

Anuas air sin, tacóidh Met Éireann le forbairt pobal láidir taighde agus forbartha meitéareolaíochta in Éirinn, san earnáil acadúlachta agus san earnáil phríobháideach araon, rud a éascóidh táirgí agus seirbhísí feabhsaithe ar féidir iad a oiriúnú don athrú aeráide, mar aon le féidearthachtaí i dtaca le tionchar geilleagrach suntasach.

Táscairí go bhfuil ag Éirí Linn

Seirbhísí feabhsaithe aimsire agus aeráide a baineadh amach mar thoradh ar chumas méadaithe HPC, sonraí feabhsaithe breathnóireachta, agus seirbhísí láidre meabhracha TFC. Taighde meitéareolaíochta agus aeráide, a bhfuil eolas, táirgí nua agus foirmeacha nua comhoibrithe thionsclaíoch á ngineadh mar thoradh air. Meitéareolaíocht mar cheann feadhna ar nuáil a chuireann le hiomaíochas, fás agus cruthú post.

Cuspóir 6.1: Bonneagar breathnóireachta Met Éireann a mhéadú, a fhorbairt agus a nuachóiriú

Cad a dhéanfaimid?

- **Bonneagar breathnóireachta aimsire Met Éireann a fhorbairt** - Ar bhunús líonra tagartha dromchla a chomhlíonann caighdeáin na hEagraíochta Domhanda Meitéareolaíochta i gcónaí, bainfidh Met Éireann lántairbhí as teicneolaíochtaí cianbhraiteachta agus fiosróidh sé cuir chuige nua chun breathnóireachtaí ar an aimsir a dhéanamh, mar thoradh ar chomhtháthú uasmhéadaithe sonraí tríú páirtí. Díreofar go háirithe ar shonraí breathnóireachta feabhsaithe ó limistéir a bhfuil leochaileacht aimsire aitheanta ag baint leo.
- **Stór slán a choimeád le haghaidh sonraí aimsire agus aeráide Éireann** - An chartlann náisiúnta meitéareolaíochta a chothabháil agus a fhorbairt.

Cuspóir 6.2: Múnla cost-éifeachtúil inbhuanaithe a chur i bhfeidhm chun an cumas TFC a chothabháil agus a fhorbairt

Cad a dhéanfaimid?

- **Cumas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Met Éireann a mhéadú** - Cinntiú gur féidir le Met Éireann freastal ar na riachtanais ríomhaireachta i dtaca le tuar uimhriúil aimsire, ó tá na riachtanais sin ag méadú.
- **Cumas slán éifeachtúil meabhrach TFC a fhorbairt a thuilleadh** - Chun é seo a chur i gcrích, déanfar na córais reatha a chúchóiriú agus cuirfear teicneolaíochtaí comhaimseartha i bhfeidhm a mbeidh an cumas cuí i dtaca le leanúnachas gnó ina bhunús leo.

Cuspóir 6.3: Timpeallacht oibre iontaofa slán a chinntiú, a bhfuil feasacht aeráide ina bunchloch di

Cad a dhéanfaimid?

- **Leanúint de theacht aniar feabhsaithe a fhorbairt maidir le seirbhísí oibríochtúla** - Is trí bhainistíocht géarchéime leanúnach a dhéanfar seo, mar aon le planáil leanúnachais gnó, agus í tástáilte go hiomlán, ar fud na heagraíochta.
- **Leanúint dár n-éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú** – Chuige seo, oibreofar go réamhghníomhach i gcomhar le Clár Fuinnimh na hEarnála Poiblí de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann chun na spriocanna náisiúnta maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach, agus chun cleachtais agus caighdeáin ísealcharbóin na hoifige glaise a chur chun cinn.
- **Úsáid iompair ísealcharbóin a spreagadh áit ar féidir**, is é sin, iompar poiblí, rothaíocht, siúl, agus a bheith rannpháirteach i gcláir náisiúnta amhail an clár **Láithreacha Oibre, Taisteal Níos Cliste** de chuid an Údaráis Náisiúnta Iompair

Cuspóir 6.4: A bheith rannpháirteach in éiceachóras fiontair meitéareolaíochta Éireann

Cad a dhéanfaimid?

- **Úsáid éifeachtach sonraí oscailte a éascú** - Chuige seo, beidh gá le soláthar agus tacaíocht sonraí éifeachtacha, agus iad ag feidhmiú i dteannta a chéile go héifeachtúil.
- **Tacú le pobal fiontair meitéareolaíochta gníomhach fuinniúil** - Trí rannpháirtíocht oscailte agus comhoibriú le hearnáil an tionscail i réimsí a bhfuil suim iontu ar an dá thaobh.
- **Rialachas náisiúnta éifeachtúil a chur i bhfeidhm** - Chun é seo a dhéanamh, forbrófar struchtúir agus córais chun tacair sonraí meitéareolaíochta agus hidreolaíochta, prótacail rabhaidh agus prótacail ghuaise a bhainistiú, agus chun forbairt réimsí freagrachta ar bhonn náisiúnta a bhainistiú.

AN TODHCHAÍ

Le céadta anuas, tá ár n-aimsir agus ár n-aeráid tar éis dul i bhfeidhm ar shochaí agus ar chultúr na hÉireann. De réir mar atá an tsochaí ag éirí níos casta, tá sé ag éirí níos deacra na rioscaí agus na spleáchais a bhaineann leis an aimsir agus leis an aeráid a aithint agus a réiteach. Tá gá níos mó ann anois go mbeadh nuáil agus idirghníomhú i ndisciplíní neamh-mheitéareolaíochta – go háirithe na heolaíochtaí iompraíochta agus sóisialta – ann chun tacú le glór údarásach Met Éireann, de réir mar a fhorbraímid feasacht maidir le guaiseacha ilchineálacha agus tuiscint níos doimhne ar thionchar na haimsire agus na haeráide.

Rud a bhaineann go mór leis seo ná teacht chun cinn deiseanna teicneolaíochta amhail:

- (i) comhoibriú éifeachtach le comhiomlánóirí, agus obair i gcomhar leo chun eolas ó an-chuid foinsí a chónascadh ar bhealach ciallmhar eolaíoch, agus
- (ii) glacadh leis an ré dhigiteach, agus oibriú le treochtaí atá ag teacht lena chéile, sna réimsí néalríomhaireachta, comhoibrithe dhigitigh, luaineachta, ardán comhroinnte, agus Idirlíon na n-Earraí.

Ar nós gach Seirbhís Náisiúnta Meitéareolaíochta, ní mór do Met Éireann córáis a phleanáil agus a fhorbairt, a bhaileoidh sonraí thar thréimhsí ama, deich mbliana amach anseo ná na céadta amach anseo, ar bhealaí a mbeidh cosaint ann dá bharr ar shuaitheadh geilleagrach agus forás polaitíochta.

Beidh fadbhreathnaitheacht straitéiseach agus gastacht theaicticiúil ag teastáil le dul i ngleic leis na dúshlán éagsúla seo, chomh maith le hacmhainní leordhóthanacha. Is gné lárnach den infheistíocht in inbhuanaitheacht shochaí na hÉireann sa todhchaí a bheidh san infheistíocht in eolaíocht agus seirbhísí meitéareolaíochta.

COMHOIBRIÚ AGUS COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ

Le linn an chéad deich mbliana romhainn amach, cuirfidh príomh-chomhpháirtíochtaí Met Éireann ar a chumas, a dhualgais a chomhlíonadh agus a uaillmhianta a bhaint amach, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Le déileáil leis na dúshláin seo agus cinn eile nach iad, beidh tábhacht ag baint le tionscadail chomhainithe tríú páirtí mar bhealach le hacmhainní a chur ag feidhmiú.

Beidh réimse éagsúil príomhchomhpháirtithe i gceist:

- Taighdeoirí agus an earnáil acadúlachta
 - le gur féidir cur amach agus tuiscint níos fearr a fháil ar an mbuneolaíocht;
- gníomhaireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta
 - le go gcoinneoidh suas le dea-chleachtais agus go bhfeabhsóimid ár gcumas mar eagraíocht;
- Cosaint shibhialta, sláinte phoiblí, cosaint comhshaoil agus na meáin;
 - lena chinntiú go mbainfear lántairbhe as saineolas eolaíochta sa tsochaí shibhialta;
- Earnálacha geilleagracha a bhraitheann ar an aimsir, mar shampla, an eitlíocht, an t-iascach, an talmhaíocht, an t-airgeadas agus an tógáil
 - le go ndéanfaidh gach earnáil orthu sin a cion ar son forbairt gheilleagrach inbhuanaithe ar bhonn náisiúnta.
- Na hearnálacha tionscail agus fiontair
 - chun tionscnamh teicneolaíochtaí agus seirbhísí nuálaíocha a spreagadh le go mbeidh deiseanna tráchtála ann dá bharr, chomh maith le buntáistí don tsochaí i gcoitinne

CUR I BHFEIDHM

Chun go n-éireoidh linn ár n-uaimhian a bhaint amach, beidh ar phobal Met Éireann ina iomláine leanúint den obair agus den rannpháirtíocht ghníomhach. Is fíís é an plean straitéiseach seo a léiríonn treo ár n-eagraíochta sa todhchaí.

Le linn an deich mbliain atá romhainn, beidh ar gach cuid de Met Éireann sraith pleananna 3 bliana a chur ar fáil, a mbeidh spriocanna sonraithe iontu a thagann leis an Straitéis seo. Déanfaidh Coiste Bainistíochta Met Éireann torthaí gach ceann de na pleananna oibríochtúla seo a bhreithniú ar bhonn bliantúil.

Is doiciméad beo é seo; beimid réidh le glacadh le hathruithe ar ár dtimpeallacht oibríthe le linn thréimhse an phlean straitéisigh, agus bainfimid leas as deiseanna nua nó glacfaimid leo mar is gá.

Déanfaidh Stiúrthóir Met Éireann maoirseacht ar athbhreithniú bliantúil an Phlean Straitéisigh, agus cuirfidh tuarascáil fhoirmiúil maidir le dul chun cinn ar fáil do Bhord Bainistíochta na Ranna Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

MEASÚNÚ FEIDHMÍOCHTA

Tá Met Éireann tiomanta, tuairisciú a chur ar fáil i dtaca le feidhmíocht, agus í a mheasúnú go hoibiachtúil fóna. Déanfar measúnú maidir le príomh-mhéadracht feidhmíochta (m. sh. agaí tionscanta agus cruinneas um rabhaidh réamhaisnéise), agus í sin méadaithe ag tomhais sásaimh i bpríomhghrúpaí (m. sh. bainisteoirí éigeandála), agus anuas air sin, forbrófar tomhais chuimsitheacha fóna i leith táirgí agus seirbhísí.

Lena hais sin, na táscairí go bhfuil ag éirí linn, arna sonrú thuas, léiríonn siad toradh sásúil ag leibhéal na sochaí a bhraitheann, ní hamháin ar thorthaí Met Éireann féin, ach ar éifeacht úsáid na dtorthaí sin sa tsochaí, agus freagairt na sochaí dóibh. Tá níos mó dúshlán ag baint le measúnú feidhmíochta atá bunaithe ar thorthaí, ach is fóna é freisin – féachann sé le fáil amach conas a chruthaíonn táirgí agus seirbhísí Met Éireann luach don tsochaí agus cé chomh mór is atá tionchar an luacha sin i dtaca le héifeachtúlacht eacnamaíochta, torthaí geilleagracha agus sábháilteacht phoiblí feabhsaithe. Aon dul chun cinn a dhéanfar maidir le torthaí den chineál seo a thomhas, braithfidh sé go mór ar rannpháirtíocht chomhoibríoch le taighde agus uirlisí eacnamaíochta agus uirlisí eile eolaíochta sóisialta.

Úsáidfí Met Éireann na táscairí thuas mar phointe tosaigh chun plean mionsonraithe a fhorbairt maidir le conas bearta agus spriocanna sochaí níos sonraithe a mhíniú is a rianú, agus conas bunlíne a shannadh dóibh.

GLUAIS TÉARMAÍ

- **CPD** Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
- **ECMWF** Lárionad Eorpach do Réamhaisnéisí Aimsire Meánraoin
- **ECOMET** Grúpáil Leasa Eacnamaíoch Seirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíochta an Limistéir Eacnamaíochta Eorpaigh
- **EPA** An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- **EUMETNET** An Líonra Eorpach Meitéareolaíochta, grúpáil Seirbhísí Náisiúnta Meitéareolaíochta Eorpacha a chuireann creat ar fáil le cláir chomhoibríocha a eagrú idir a Baill
- **EUMETSAT** An Eagraíocht Eorpach um Shaothrú Satailítí Meitéareolaíocha
- **HPC** Ríomhaireacht ardheidhmíochta - úsáid sár-ríomhairí agus teicnící próiseála comhuainí chun fadhbanna ríomhaireachtúla casta amhail múnlaí réamhaisnéise aeráide agus aimsire a réiteach
- **ICT** Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
- **NM(H)S** An tSeirbhís Náisiúnta Meitéareolaíochta (agus Hidreolaíochta)
- **NWP** Tuar Uimhriúil Aimsire - múnlaí matamaitice a úsáid chun staid an atmaisféir a ionsamhlú agus a thuar sa todhchaí agus chun réamhaisnéisí agus rabhaidh aimsire a threorú
- **OPW** Oifig na nOibreacha Poiblí
- **SFI** Fondúireacht Eolaíochta Éireann
- **STEM** Acrainm d'Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic
- **WMO** An Eagraíocht Dhomhanda Meitéareolaíochta

BOSCAÍ TAGARTHA

Seirbhísí Aimsire Eitlíochta Sainseirbhísí arna gcur ar fáil don earnáil eitlíochta, a chuimsíonn breathnóireachtaí agus réamhaisnéisí in aeradróim agus aerfoirt, rabhaidh an-drochaimsire in aerspás Éireann, agus tacaíocht don Aerchór agus do Gharda Cósta na hÉireann.

Aeráid Is éard is aeráid ann ná meán na staide aimsire thar thréimhse fhada, 30 bliain de ghnáth. Uaireanta, tagraítear do mheáin fhadtéarmacha paraiméadar meitéareolaíochta amhail báisteach, teocht agus taitneamh na gréine mar 'ghnáthluachanna'.

Athrú Aeráide An sainmhíniú air seo ná athruithe fadtéarmacha ar mhórsála ar phátrúin aimsire ná meánteochta an domhain. De réir comhdhearcadh eolaíochta doshéanta, is toradh é an t-athrú aeráide atá ag tarlú faoi láthair go príomha ar an mbealach a úsáideann daoine breoslaí iontaise, a scaoileann dé-ocsaíd charbóin agus gáis ceaptha teasa isteach san aer.

Seirbhísí Aeráide Tiomsú agus soláthar sonraí aeráide ardchaighdeáin do lucht na cinnteoireachta, tacú leis an tsochaí i gcoitinne, agus éascú forbartha agus measúnaithe straitéisigh d'Éirinn i dtaca le hoiriúnú don athrú aeráide, agus an t-athrú aeráide a mhaolú.

An Aimsir agus an Aeráid a Mhúnlú Cuirtear múnlaí matamaitice sofaisticiúla i bhfeidhm chun forás na haimsire agus na haeráide a thuar. Déanann na múnlaí seo méideanna ollmhóra sonraí a asamhlú, a phróiseáil agus a sholáthar thar raon céimeanna ama. Ionas gur féidir leis freastal ar na riachtanais bhainteacha maidir le cumas ríomhaireachta, ní mór do Met Éireann rochtain a bheith aige ar ríomhaireacht ardfheidhmíochta (HPC).

Aimsir Is éard is aimsir ann ná staid an atmaisféir aon uair ná in aon áit. Na gnáthghnéithe a bhaineann leis an aimsir ná teocht, frasaíocht, gaoth, taitneamh na gréine nó brat néalta. An chuid is mó den aimsir a mbíonn tionchar aici ar dhaoine, tarlaíonn sé sa tsraith is ísle den atmaisféar, ach ag leibhéal níos airde, bíonn an aimsir

Seirbhísí Aeráide Tiomsú agus soláthar sonraí aeráide ardchaighdeáin do lucht na cinnteoireachta, tacú leis an tsochaí i gcoitinne, agus éascú forbartha agus measúnaithe straitéisigh d'Éirinn i dtaca le hoiriúnú don athrú aeráide, agus an t-athrú aeráide a mhaolú.

An Aimsir sa Toghchaí Is éard is aimsir ann ná an comhathrú lá ar lá sa staid atmaisféarach. Is meán í an aeráid den aimsir, a bhfuil teorainn teoriciúil leis na teagmhais fhoircneacha a bhaineann léi. In aeráid atá athraithe, athraíonn na pátrúin aimsire agus na teorainneacha maidir le teagmhais fhoircneacha. Is éard is aimsir na toghchaí ann ná an staid aimsire agus na teagmhais fhoircneacha a tharlóidh in aeráid athraithe.

Réamhaisnéis bunaithe ar thionchar Aistriú paraidíme ó thuar den saghas aimsire a bheidh ann go tuar dá ndéanfaidh an aimsir ná dá dtarlóidh mar thoradh uirthi. Má tá faisnéis réamhaisnéise agus baol guaiseacha ag teacht le chéile ar an mbealach seo, beidh sé níos éasca cinntí a dhéanamh ná gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm chun iarmhairtí teagmhas aimsir ardtionchair a mhaolú.

Idirlíon na nEarraí An idirascadh nithe éagsúla tríd an Idirlíon, a chuireann ar a gcumas sonraí a sheoladh agus a fháil.

Sonraí Oscailte Soláthar sonraí agus táirgí lena n-úsáid agus a n-athúsáid shaor faoi cheadúnas oscailte.

Guaiseacha a Bhaineann leis an Aimsir Teagmhais a tharlaíonn go nádúrtha mar thoradh ar aimsir a bhféadfadh bás, gortú ná tinneas, briseadh sóisialta agus geilleagrach, nó díghrádú comhshaoil a bheith ann dá bharr. Áirítear leo seo tuite agus borrrhaí stoirme cósta, triomach, tonnta teasa agus tréimhsí fuachta, sciorradh talún, eipidéimí, agus iompar is scaipeadh substaintí nimhiúla nó ábhair brúchta bolcánaigh.